6069. M8C 6069L001A2IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

Páipéar II

Ardleibhéal

3 uair 5 nóiméad

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

| | |
|---|---|
| **Ceist 1**: | Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).<br>Tá Ceist 1 - 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.<br>Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach. |
| **Ceist 2**: | Freagair Ceist 2A (30 marc) **nó** Ceist 2B (30 marc).<br>**2A. Prós Ainmnithe**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2A (a) **nó** 2A (b).<br>**2B. Prós Roghnach**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2B (a) **nó** 2B (b). |
| **Ceist 3**: | Freagair Ceist 3A (30 marc) **nó** Ceist 3B (30 marc).<br>**3A. Filíocht Ainmnithe**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3A (a) **nó** 3A (b).<br>**3B. Filíocht Roghnach**<br>Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3B (a) **nó** 3B (b). |
| **Ceist 4**: | An Litríocht Bhreise (40 marc)<br>Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F). |

## *Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)*

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

### Ár Laochra Spóirt

**1.** Tá cur amach ar na Cluichí Oilimpeacha ag gach duine in Éirinn agus timpeall an domhain. Baineann muintir an domhain taitneamh agus tairbhe as a bheith ag féachaint ar lúthchleasaithe idirnáisiúnta in iomaíocht le chéile agus ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar na hiomaitheoirí is cumasaí ar domhan. In Aithin na Gréige a thosaigh na Cluichí Oilimpeacha an chéad lá riamh. Is iomaí aidhm atá leis na Cluichí Oilimpeacha. I measc na n-aidhmeanna sin tá aclaíocht agus neart fisiceach a chothú, tallann agus scil a cheiliúradh, agus pobail agus tíortha an domhain a thabhairt le chéile ar bhonn síochánta. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, áfach, tharla rudaí in imeacht na mblianta a bhain de stádas na gcluichí: mí-úsáid drugaí agus substaintí mídhleathacha, caimiléireacht, polaitíocht agus tuilleadh eile nach iad. Mar sin féin, tá spiorad na gCluichí Oilimpeacha chomh bríomhar is a bhí sé riamh. Bhí lúthchleasaithe as 206 tír páirteach sna cluichí deireanacha i dTóiceo in 2021, rud a léiríonn a dtábhacht ar stáitse idirnáisiúnta an spóirt.

**2.** Spreagann an iomaíocht idirnáisiúnta mórtas cine ionainn mar náisiún daoine. Is cúis bhróid dúinn ár lúthchleasaithe agus ár laochra spóirt a fheiceáil ag dul chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta. Bhain na rámhaithe Fintan McCarthy agus Paul O'Donovan bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo agus chuir siad gliondar ar chroí gach duine in Éirinn arís nuair a bhuaigh siad Craobh na hEorpa i gcomórtas na mbád éadrom in München na Gearmáine i mí Lúnasa 2022. Tá siad geall le bheith dochloíte le roinnt blianta anuas. Beidh súile na meán cumarsáide, agus súile gach aon duine, in Éirinn agus ar fud an domhain orthu arís nuair a bheidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl i bPáras in 2024. Beidh siad ag iomaíocht i gcomórtas na mbád éadrom agus, gan dabht, beidh iomaitheoirí as a lán tíortha ag iarraidh bua a fháil orthu. Bí ag faire orthu! Bí ag faire freisin ar an bhfoireann seóléimní sna Cluichí Oilimpeacha. Chríochnaigh siad sa cheathrú háit i gcraobh an domhain sa Danmhairg le linn shamhradh na bliana 2022. Mar thoradh air sin, cháiligh siad do na Cluichí Oilimpeacha i bPáras. Tugann ár gcuid lúthchleasaithe uile spreagadh, inspioráid agus dóchas dúinn ar fad, agus go háirithe dár lúthchleasaithe óga atá ag teacht aníos.

**3.** Is duine de na lúthchleasaithe óga sin Rhys McClenaghan. Rugadh ar 21 Iúil 1999 i gContae an Dúin é agus tá sé ina chónaí i gContae Aontroma. Bíonn sé san iomaíocht ar an gcapall corr i gcomórtais ghleacaíochta ar son na hÉireann agus ar son Thuaisceart Éireann. Bhuaigh sé an bonn óir i gcraobh na hEorpa in 2018 agus bonn cré-umha i gcraobh an domhain in 2019. Ba é an chéad lúthchleasaí Éireannach é a bhain an babhta ceannais amach i gcraobh na hEorpa agus i gcraobh an domhain, agus ba é an chéad Éireannach é a bhuaigh bonn sna comórtais sin. Bhí súile na tíre agus an domhain mhóir ar Rhys nuair a ghlac sé páirt sna Cluichí Oilimpeacha in 2021. Bhí gach duine ag súil lena thaispeántas in airéine na gleacaíochta i dTóiceo mar shíl gach duine go raibh seans an-mhaith aige bonn Oilimpeach a fháil. Bíonn saol na lúthchleasaithe thuas seal thíos seal, áfach, agus bhí an-díomá ar Rhys nuair nár fíoraíodh a aisling. Sa seachtú háit a tháinig sé ar an gcapall corr an uair sin ach níor chaill sé a mhisneach. Is duine é a fheiceann an taobh dearfach de gach scéal agus is aoibhinn leis an iomaíocht. Is iad sin na tréithe pearsanta atá aige a chabhraíonn leis an díomá a chur de agus gan géilleadh don éadóchas. Tá Rhys ag dul ó neart go neart ó shin i leith. In 2022, bhuaigh sé an bonn cré-umha i gcraobh Chomhlathas na Náisiún agus an bonn óir i gcraobh an domhain. Tá sé ag ullmhú anois do na cluichí i bPáras.

**4.** Is ábhar mórtais don tír iad na héachtaí atá déanta ag laochra mná na hÉireann ar son an náisiúin. D'éirigh leis an mbean óg, Emma Slevin, an babhta ceannais de na huilemhíreanna aonair a bhaint amach i gCraobh Ghleacaíochta na hEorpa i mí Aibreáin 2021. Ach is dócha gurb iad éachtaí Katie Taylor an barr maise ar éachtaí na mban

go léir. Tá Katie ina curadh domhanda i gcúig chraobh éagsúla i ndornálaíocht éadrom-mheáchain na mban. Le cois na n-éachtaí sin sa dornálaíocht ghairmiúil, tá an-cháil ar Katie as a héachtaí mar dhornálaí amaitéarach. Bhuaigh sí craobh amaitéarach an domhain cúig huaire, craobh amaitéarach na hEorpa sé huaire, agus bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012. D'iompair sí bratach na hÉireann i searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha i Londain. Anuas air sin ar fad – agus cuirfidh seo iontas ar go leor daoine – d'imir sí aon uair déag ar fhoireann idirnáisiúnta sacair na mban in Éirinn.

**5.** Teastaíonn a lán tacaíochta ónár lúthchleasaithe idirnáisiúnta le cinntiú go mbeidh rath orthu agus iad in iomaíocht le lúthchleasaithe an domhain uile. Tá roinnt eagraíochtaí in Éirinn a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh. Ina measc tá Comhairle Spóirt na hÉireann, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, agus an Coiste Náisiúnta Rialaithe a thugann tacaíocht do gach spórt ar leith. Is eagraíocht í Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann a oibríonn ar son lúthchleasaithe náisiúnta na hÉireann uile a ghlacann páirt sna spóirt a bhíonn sna Cluichí Oilimpeacha. Is é sainchuspóir na Cónaidhme Oilimpí ná muintir na hÉireann a chur ar an eolas faoi éachtaí ár lúthchleasaithe i réimse leathan spórt, sa bhaile agus thar lear. Tá sé mar aidhm aici chomh maith foinsí nua urraíochta agus foinsí nua maoinithe a aimsiú. Tugann an urraíocht agus an maoiniú deis do lúthchleasaithe díriú go huile is go hiomlán ar an traenáil agus ar an ullmhúchán, agus gan a bheith buartha faoi chostas na hiomaíochta.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**Ceisteanna**

**1. (a)** Scríobh síos an **dá** rud a mbaineann muintir an domhain taitneamh agus tairbhe astu le linn na gCluichí Oilimpeacha. (Alt 1)

**(b) (i)** Scríobh síos **dhá** aidhm atá leis na Cluichí Oilimpeacha. (Alt 1)

**(ii)** Céard a thugann le tuiscint go bhfuil spiorad na gCluichí Oilimpeacha chomh bríomhar is a bhí sé riamh? (Alt 1)

(7 marc)

**2. (a)** Scríobh síos an **dá** shlí a mbíonn tionchar ag an iomaíocht idirnáisiúnta orainn mar náisiún daoine. (Alt 2)

**(b) (i)** Cén fáth a mbeidh súile na meán cumarsáide ar an mbeirt rámhaithe, Fintan McCarthy agus Paul O'Donovan, le linn na gCluichí Oilimpeacha i bPáras in 2024? (Alt 2)

**(ii)** Conas a d'éirigh leis an bhfoireann seóléimní cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha i bPáras? (Alt 2)

(7 marc)

**3. (a)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoi shaol pearsanta Rhys McClenaghan. (Alt 3)

**(b) (i)** Cén fáth a raibh súile na tíre agus an domhain mhóir ar Rhys McClenaghan nuair a ghlac sé páirt sna Cluichí Oilimpeacha in 2021? (Alt 3)

**(ii)** Luaigh ceann **amháin** de thréithe pearsanta Rhys a chabhraíonn leis an díomá a chur de. (Alt 3)

(7 marc)

**4. (a)** Cén t-éacht atá déanta ag Emma Slevin? (Alt 4)

**(b) (i)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil an-cháil ar Katie Taylor mar dhornálaí amaitéarach. (Alt 4)

**(ii)** Cén píosa eolais faoi Katie Taylor a chuirfidh iontas ar go leor daoine? (Alt 4)

(7 marc)

**5. (a)** Cén fáth a bhfuil a lán tacaíochta ag teastáil ó lúthchleasaithe idirnáisiúnta na hÉireann? (Alt 5)

**(b) (i)** Tabhair pointe **amháin** eolais faoi Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann. (Alt 5)

**(ii)** Scríobh síos **dhá** dheis a thugann an urraíocht agus an maoiniú do lúthchleasaithe. (Alt 5)

(7 marc)

**6. (a)** Aimsigh sampla d'ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra in Alt 1 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 3.

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo, dar leat. Bíodh tagairt **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach cúis a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

**B - 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

**Raidió na Gaeltachta: 50 bliain ar an bhfód**

**1.** Is údar mór bróid do Raidió Teilifís Éireann í an tseirbhís a chuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fáil do phobal na Gaeltachta agus do phobal na Gaeilge trí chéile, lá i ndiaidh lae. Tá RTÉ Raidió na Gaeltachta ar cheann de na heagraíochtaí is tábhachtaí a bunaíodh sa tír seo ó thaobh na Gaeilge de. Osclaíodh an stáisiún ar 2 Aibreán 1972. Baineann stair fhada chasta le bunú na seirbhíse. Ba mar gheall ar an éileamh ó phobal na Gaeltachta agus ar an mbrú a chuir an pobal ar an rialtas a cuireadh an tseirbhís ar bun an chéad lá riamh. Ghlac aos óg na Gaeltachta páirt lárnach san fheachtas sin. Bhí fís shoiléir acu – stáisiún raidió a bhunú a chuirfeadh seirbhís ar fáil trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta – agus bhí siad tiomanta go hiomlán d'fhíorú na físe sin. Bhí orthu dúshlán na n-údarás a thabhairt ina bhfeachtas sular tugadh cluas éisteachta dóibh ach d'éirigh leo. De bharr an méid a rinne siad, tá seirbhís náisiúnta raidió againn sa Ghaeilge anois atá caoga bliain ar an aer. Táimid go mór faoi chomaoin na ndaoine sin a throid ar a son.

**2.** Tá sé nádúrtha a bheith ag breathnú siar ar stair RTÉ Raidió na Gaeltachta ach tá sé lán chomh tábhachtach céanna a bheith ag breathnú chun cinn. Tá na riachtanais atá ag pobal éisteachta an raidió an-difriúil anois leis an dóigh a raibh siad in 1972, agus tá na riachtanais sin ag athrú de shíor mar gheall ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí teicneolaíochta, ar chúrsaí tíreolaíochta agus ar chúrsaí an tsaoil go ginearálta. Is cinnte go bhfuil dúshláin áirithe le sárú ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ach chun sin a dhéanamh tá sé riachtanach an infheistíocht cheart a dhéanamh san eagraíocht. Tá obair mhór le déanamh chun an chéad ghlúin eile de chraoltóirí a thabhairt chun cinn. Baineann tábhacht ar leith leis an saothrú leanúnach atá ar siúl ag institiúidí oideachais na tíre, a sholáthraíonn cúrsaí atá dírithe ar riachtanais na meán cumarsáide. Is gá a chinntiú go gcloífear leis na caighdeáin arda teanga a leagadh síos don tseirbhís tráth ar bunaíodh í. Teastaíonn scoth na Gaeilge ó chraoltóirí RTÉ Raidió na Gaeltachta ach, ní hamháin sin, teastaíonn scileanna craoltóireachta agus scileanna iriseoireachta uathu chomh maith.

**3**. In ainneoin na ndúshlán atá ag RTÉ Raidió na Gaeltachta, tá pobal éisteachta bríomhar dílis ag an stáisiún. Tá sé tábhachtach deiseanna a sholáthar do phobal na Gaeilge a scéalta agus a dtuairimí a roinnt ar an saol mór i gcoitinne. Is é sin ról an raidió. Craoltar ceol agus amhráin na Gaeilge agus déantar gach iarracht an cultúr Gaelach a chur chun cinn ar an stáisiún. Déantar ceoltóirí a thaifeadadh ar fud na tíre, craoltar an ceol ar na haerthonnta, agus cuirtear na taifid i dtaisce sa chartlann. Mar aon leis sin, tá RTÉ Raidió na Gaeltachta tiomanta d'obair an athneartaithe teanga le cinntiú go gcuirfear an teanga ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Is deis í an tseirbhís raidió le haird a tharraingt ar na scéalta atá i mbéal an phobail sna ceantair Ghaeltachta, mar aon le hábhair a phlé a bhfuil spéis ag pobal na Gaeilge ar fud na tíre iontu. Thar aon ní eile, tarraingíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta an pobal éisteachta le chéile in aon áit amháin, gach lá den bhliain.

**4.** Tá go leor bainte amach ag RTÉ Raidió na Gaeltachta le caoga bliain anuas. San am atá le teacht leanfaidh an stáisiún ar aghaidh ag tabhairt rogha eile éisteachta don phobal mar sheirbhís náisiúnta raidió, ag freastal ar an lucht éisteachta i gceantair éagsúla sna Gaeltachtaí ar fud na tíre. Tháinig fás agus forbairt as cuimse ar an tseirbhís a chuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fáil ó bunaíodh an stáisiún. Sna laethanta tosaigh, ní bhíodh an stáisiún ag craoladh ach ar feadh roinnt uaireanta an chloig in aghaidh an lae ach anois bíonn an stáisiún i mbun craolacháin ceithre huaire fichead sa lá, seacht lá na seachtaine. Déanann RTÉ Raidió na Gaeltachta freastal ar phobal na Gaeltachta go príomha ach déantar freastal ar phobal níos fairsinge ná sin chomh maith. Tá fáil ar an stáisiún ar an idirlíon agus ar ardáin éagsúla le roinnt blianta anuas, rud

a chiallaíonn go bhfuil teacht air ar fud an domhain mhóir. Is cinnte gur tháinig méadú ar an lucht éisteachta mar gheall ar na forbairtí sin. In ainneoin an mhéadaithe, níor chaill an stáisiún a cheangal le pobal na Gaeilge riamh. Seasann RTÉ Raidió na Gaeltachta leis an bpobal agus táthar ag súil leis go leanfaidh an nós seanbhunaithe sin.

**5.** Ag Féile na Meán Ceilteach 2021 bhuaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta an gradam idirnáisiúnta do Stáisiún Raidió na Bliana cé go raibh stáisiúin Bhéarla agus teangacha eile san iomaíocht leis. Is ábhar uchtaigh agus misnigh don stáisiún é seo. An tráth sin, nuair a bhí an saol ar fad trína chéile ag an bpaindéim agus gach duine ag fanacht amach óna chéile, aithníodh go hidirnáisiúnta an t-ardchaighdeán craoltóireachta atá bainte amach ag an tseirbhís agus an bealach ar tugadh daoine le chéile le cabhair an raidió. Anois agus srianta na paindéime imithe uainn faoi dheireadh, tá foireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ag súil go mór le dul amach i measc an phobail arís le craoltaí seachtracha a dhéanamh ó láithreacha éagsúla. Cloisfear scéalta na ndaoine ar na cláir sin, cloisfear na canúintí ar fad, an ceol, an gáire, an caoineadh agus an clamhsán freisin. Is géar a theastaíonn an t-ardú croí agus meanman ó phobal na Gaeilge trí chéile. É sin agus léargas luachmhar an raidió ar shaol an lae inniu.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**Ceisteanna**

**1. (a)** Tabhair **dhá** chúis ar bunaíodh seirbhís RTÉ Raidió na Gaeltachta an chéad lá riamh. (Alt 1)
**(b) (i)** Cén fhís shoiléir a bhí ag aos óg na Gaeltachta? (Alt 1)
**(ii)** Cad a bhí le déanamh ag aos óg na Gaeltachta chun a bhfís a fhíorú? (Alt 1)

(7 marc)

**2. (a)** Luaigh **dhá** fháth a bhfuil na riachtanais atá ag pobal éisteachta an raidió ag athrú de shíor. (Alt 2)
**(b) (i)** Cad atá riachtanach chun na dúshláin áirithe atá roimh an stáisiún a shárú? (Alt 2)
**(ii)** Scríobh síos **dhá** cháilíocht atá riachtanach do phost mar chraoltóir le RTÉ Raidió na Gaeltachta. (Alt 2)

(7 marc)

**3. (a)** Cén ról atá ag an raidió, dar leis an údar? (Alt 3)
**(b) (i)** Luaigh **dhá** shlí ina gcuireann an stáisiún raidió ceol agus amhráin na Gaeilge chun cinn. (Alt 3)
**(ii)** Scríobh síos rud **amháin** a dhéanann RTÉ Raidió na Gaeltachta do phobail na Gaeltachta agus na Gaeilge. (Alt 3)

(7 marc)

**4. (a)** Cén **dá** rud atá i gceist ag RTÉ Raidió na Gaeltachta a dhéanamh san am atá le teacht? (Alt 4)
**(b) (i)** Luaigh slí **amháin** ar tháinig fás agus forbairt as cuimse ar an tseirbhís a chuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fáil ó bunaíodh an stáisiún. (Alt 4)
**(ii)** Cén rud nár chaill RTÉ Raidió na Gaeltachta in ainneoin an mhéadaithe a tháinig ar an lucht éisteachta? (Alt 4)

(7 marc)

**5. (a)** Cén t-ábhar uchtaigh agus misnigh atá ag RTÉ Raidió na Gaeltachta? (Alt 5)
**(b) (i)** Cad iad na gnéithe de sheirbhís an stáisiúin a aithníodh go hidirnáisiúnta? (Alt 5)
**(ii)** Cén fáth a bhfuil foireann RTÉ Raidió na Gaeltachta ag súil go mór le dul amach i measc an phobail arís? (Alt 5)

(7 marc)

**6. (a)** Aimsigh sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 3 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5.
**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar **dhá** chúis a bhfuil RTÉ Raidió na Gaeltachta tábhachtach don phobal éisteachta. Bíodh tagairt **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach cúis a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

## *Ceist 2 PRÓS (30 marc)*

**– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)**

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A. Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**(a) Oisín i dTír na nÓg**

'Is iomaí eachtra dhochreidte agus áibhéileach a tharlaíonn sa scéal *Oisín i dTír na nÓg*.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (30 marc)

**nó**

**(b) Hurlamaboc**

'Is bean fhoirfe í Lisín a bhfuil saol foirfe aici ach, sin ráite, cuireann sí lagmhisneach ar a mac Ruán.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (30 marc)

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar phríomhthéama an scéil agus ar an tslí a dtéann an téama sin i bhfeidhm ar an léitheoir.

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

**nó**

**(b)** Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh carachtar (pearsa) **amháin** a thaitin leat. Tabhair cuntas ar an bpáirt a ghlacann an duine sin san úrscéal agus mar a théann an duine sin i bhfeidhm ar an léitheoir.

*Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

# *Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)*

**– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)**

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

**3A. Filíocht Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) An tEarrach Thiar**

(i) 'Sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos), faighimid léargas ar shaol an oileáin agus ar mheas an fhile ar a áit dúchais.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

(15 mharc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán *An tEarrach Thiar*?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

(iii) Úsáideann an file go leor aidiachtaí sa dán *An tEarrach Thiar*. Roghnaigh **dhá** cheann de na haidiachtaí sin agus déan plé gairid ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat.

(9 marc)

## An tEarrach Thiar

**1.** Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

**2.** Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

**3.** Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

**4.** Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

**nó**

**(b) Géibheann**

(i) ‘Sa dán *Géibheann* (thíos), tugtar léargas dúinn ar an gcodarsnacht idir saoirse an ainmhí tráth agus a shaol i ngéibheann anois.’
Déan plé ar an ráiteas sin.

(15 mharc)

(ii) Tosaíonn líne a haon agus líne a dó den dán *Géibheann* leis an bhfocal ‘ainmhí’.
Cén tábhacht a bhaineann leis an athrá seo, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

(iii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort?
Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(9 marc)

**Géibheann**

Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán seo?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

(iii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin atmaisféar atá sa dán.

(9 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

**nó**

**(b)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

(ii) Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.
Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(6 mharc)

(iii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort?
Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(9 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

# *Ceist 4   LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)*

**– LITRÍOCHT BHREISE –      (40 marc)**

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**4A.  An Triail**

‘Sa dráma *An Triail*, is iad Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire, agus a cuid deartháireacha, Seán agus Liam, is cúis le tragóid an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh, den mhórchuid.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4B.  A Thig Ná Tit Orm**

‘Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas spéisiúil dúinn ar an gceol agus ar shamhradh na bliana 1958.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4C.  Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

‘Fuath agus éad is cúis leis an bhforéigean agus le bás Dhiarmada ar deireadh sa *Tóraíocht*.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4D.  Gafa**

‘Tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar fhadhbanna pearsanta Eoin agus ar an tionchar atá ag na fadhbanna sin ar shaol an teaghlaigh uile sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4E.  Canary Wharf**

‘Sa scéal *Saineolaí Teicneolaí*, tugtar léargas cruinn dúinn ar an gcoibhneas idir Ultan agus fear na féasóige.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4F.  Dánta Breise** – **Colmáin**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) ‘Cruthaíonn féiníomhá an chait cruachás ina shaol sa dán *Colmáin*.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Ar na laethe úd a mhothaíodh sé dáimh as an ghnáth
leis na colmáin, bhíodh iontas an domhain air
nach ndéanfadh siad cuideachta leis i dtráth ná in antráth. (10 marc)

(iii) Cad í an teachtaireacht is láidre atá sa dán seo, dar leat? Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin teachtaireacht sin. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.
(10 marc)

## Colmáin

*i gcead do Sigurdur Pálsson*

An cat úd ar an seachtú hurlár de theach
ard cathrach, shíl sé ansiúd ina áras spéire
gur colmán a bhí ann ó dhúchas.

Ó saolaíodh é ba é an seachtú hurlár –
crochta ansiúd idir an saol is an tsíoraíocht –
a bhaile agus a bhuanchónaí.

Ní fhaca sé a mhacasamhail féin ariamh,
cat dá dhéanamh, dá dhath, dá dhreach.
Ní fhaca sé ach daoine agus colmáin ar an aoirdeacht.

Shíl sé ar dtús gur duine a bhí ann,
gur ionann dó ina dhóigh agus ina chosúlacht
leo siúd ar dhá chois a bhí ina thimpeall.
Chuirfeadh sé naipcín fána bhráid
agus shuíodh sé ag an mbord go béasach
le greim bídh a ithe le lánúin óg an tí.
Ní raibh de thoradh air sin ach scread eitigh.
Thógfaí ar shiúl é láithreach
agus dhéanfaí prácás bídh as canna stáin
a shá go míbhéasach faoina shoc.

Is minic a shuíodh sé ina aonar
ar leac na fuinneoige, ag féachaint
ar na colmáin nach dtiocfadh ina láthair.
Amanta theastaigh uaidh téaltú chucu
go ciúin, súgradh leo go binn;
a chrúb a chur iontu ar son grinn.
Ar na laethe úd a mhothaíodh sé dáimh as an ghnáth
leis na colmáin, bhíodh iontas an domhain air
nach ndéanfadh siad cuideachta leis i dtráth ná in antráth.

Sa deireadh, lá buí Bealtaine le luí gréine,
chinn sé léim an cholmáin a thabhairt ó leac na fuinneoige
leis na heiteoga a bhí in easbaidh air … faraoir.

An lá a cuireadh i dtalamh é i bpaiste créafóige
sa chúlchlós, a chorp beag ina phraiseach,
bhí colmáin ag cuachaireacht ó gach leac fuinneoige.

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gaeilge – Páipéar II

3 uair 5 nóiméad